



EUROPEAN CENTRAL BANK

EUROSYSTEM

GA

ECB-PUBLIC

Fógra folúntais

Cathaoirleach an Bhoird Maoirseachta

An Banc Ceannais Eorpach

1 Brollach

Tá iarrthóir oiriúnach a bhfuil seasamh agus taithí aitheanta i gcúrsaí baincéireachta agus airgeadais aige á lorg ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) le haghaidh phost Chathaoirleach an Bhoird Maoirseachta ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh.

Tugadh cúraimí sonracha do BCE maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus bunaíodh an Sásra Aonair Maoirseachta (SAM) le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 ('Rialachán SAM'). BCE agus údarás inniúla náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra iontu, sin atá sa Sásra Aonair Maoirseachta agus tá an rogha ann dlúthchomhar a chur ar bun le húdarás inniúla na mBallstát nach bhfuil an euro mar airgeadra iontu. Tá BCE freagrach as feidhmiú foriomlán SAM.

Is é an Bord Maoirseachta, mar chomhlacht inmheánach de chuid BCE, a dhéanann na cúraimí maoirseachta a tugadh do BCE a phleanáil agus a fhorghníomhú. Ar an mBord Maoirseachta tá Cathaoirleach, Leas-Chathaoirleach, ceathrar ionadaithe ó BCE agus ionadaí amháin ó údarás náisiúnta inniúil gach Ballstáit atá rannpháirteach in SAM ('Ballstát rannpháirteach'). I gcás nach banc ceannais é an t-údarás inniúil, féadfaidh an comhalta den Bhord Maoirseachta a chinneadh ionadaí ó bhanc ceannais an Bhallstáit a bheith leis. Bhunaigh an Bord Maoirseachta Coiste Stiúrtha ar theoranta a chomhdhéanamh as measc a chomhaltaí chun tacú lena chuid gníomhaíochtaí, lena n-áirítear cruinnithe an Bhoird Maoirseachta a ullmhú. Ochtar comhaltaí atá ar an gCoiste Stiúrtha, lena n-áirítear an Cathaoirleach, an Leas-Chathaoirleach, agus duine de na hionadaithe de chuid BCE. Gníomhóidh comhaltaí uile an Bhoird Maoirseachta chun leas an Aontais ina iomláine.

Urramófar prionsabail na cothromaíochta inscne, na taithí agus na cáilíochta sa nós imeachta roghnúcháin agus ceapacháin.

Coinneoidh BCE Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh ar an eolas go cuí faoin nós imeachta, i gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach le Parlaimint na hEorpa an 6 Samhain 2013 agus leis an Meabhrán Tuisceana le Comhairle an Aontais Eorpaigh an 11 Nollaig 2013.

2 Cúraimí

I gcomhréir le Rialachán SAM agus gan dochar d'aon chúram eile a d'fhéadfadh Comhairle Rialaithe BCE a chinneadh a chur ar Chathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach an Bhoird Maoirseachta, tá an Cathaoirleach freagrach as na cúraimí sonracha seo a leanas:

- cathaoirleacht a dhéanamh ar an mBord Maoirseachta;
- cathaoirleacht a dhéanamh ar Choiste Stiúrtha an Bhoird Maoirseachta;
- an tuarascáil bhliantúil ó BCE ar fhorghníomhú a chúraimí maoirseachta a chur i láthair Pharlaimint na hEorpa agus an Ghrúpa Euro go poiblí i bhfianaise ionadaithe ó aon Bhallstát rannpháirteach nach bhfuil an euro mar airgeadra ann;
- páirt a ghlacadh, ar iarratas ón nGrúpa Euro, in éisteacht ar bith faoi fhorghníomhú chúraimí maoirseachta BCE a thionólfaidh an Grúpa Euro, i láthair ionadaithe ó aon Bhallstát rannpháirteach nach bhfuil an euro mar airgeadra ann;
- páirt a ghlacadh, ar iarratas ó Pharlaimint na hEorpa, in éisteacht ar bith a thionólfaidh na coistí inniúla de chuid Pharlaimint na hEorpa faoi fhorghníomhú chúraimí maoirseachta BCE; agus, má iarrtar é, plé rúnda iata ó bhéal a chur ar cois le Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach an choiste inniúil de chuid Pharlaimint na hEorpa faoi chúraimí maoirseachta BCE i gcás ina bhfuil gá le plé den sórt sin chun cumhachtaí Pharlaimint na hEorpa a fheidhmiú faoin gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;
- páirt a ghlacadh, ar chuireadh ó pharlaimint náisiúnta Ballstáit rannpháirtigh, i malartú tuairimí faoi mhaoirseacht ar institiúidí creidmheasa sa Bhallstát sin i bhfochair ionadaí ón údarás náisiúnta inniúil.

Ina theannta sin, maidir leis an bhfoireann a bhfuil baint acu le cur i gcrích na gcúraimí a thugtar do BCE le Rialachán SAM, tuairiscíonn siad do Chathaoirleach an Bhoird Maoirseachta i gcomhréir leis na téarmaí arna sainiú ag Comhairle Rialaithe BCE agus ag Bord Feidhmiúcháin BCE.

Déanann Cathaoirleach an Bhoird Maoirseachta a chúraimí nó a cúraimí a chomhlíonadh i ndlúthchomhar leis an Leas-Chathaoirleach.

3 Cáilíochtaí, taithí agus scileanna

Tá sé fíor-riachtanach d'iarratasóirí na critéir seo a leanas a chomhlíonadh (iad le bheith comhlíonta ar an dáta deiridh le haghaidh iarratas a dhéanamh):

- bheith ina náisiúnach de Bhallstát den Aontas Eorpach, i dteideal iomlán a cheart nó a ceart mar shaoránach;
- seasamh agus taithí aitheanta i gcúrsaí baincéireachta agus airgeadais, lena n-áirítear taithí ghairmiúil shuntasach ar mhaoirseacht airgeadais nó ar fhorghníomhú mhacrastruamachta, nó ar an dá rud, a bheith aige nó aici;
- taithí fhairsing a bheith aige nó aici ar fhoireann bainisteoireachta a stiúradh agus a fhorbairt, mar aon le cuntas teiste soiléir ar a bhfuil bainte amach aige nó aici, ar an leibhéal straitéiseach agus ar an leibhéal oibríochtúil araon;

- taithí shuntasach a bheith aige nó aici i ról bainisteoireach, agus foirne ardcháilithe, agus, más féidir é is amhlaidh is fearr, foirne ilteangacha agus ilchultúrtha a stiúradh agus a bhainistiú;
- Béarla a bheith ar a thoil aige/ar a toil aici;
- gan bheith ina chomhalta/ina comhalta de Chomhairle Rialaithe BCE.

Ina theannta sin, is fearr an méid seo a leanas a bheith ag iarratasóirí:

- domhnaíocht tuisceana ar institiúidí de chuid an Aontais Eorpaigh agus ar phróisis chinnteoireachta an Aontais Eorpaigh, chomh maith le próisis eile Eorpacha agus idirnáisiúnta atá ábhartha maidir le gníomhaíochtaí BCE;
- domhnaíocht tuisceana ar chúraimí agus ar fheidhmiú BCE;
- taithí ar chathaoirleacht a dhéanamh ar choistí/grúpaí ardleibhéil, i dtimpeallacht idirnáisiúnta más féidir;
- sárscileanna cumarsáide, idirphearsanta, stiúrtha agus idirbheartaíochta agus é nó í a bheith i gcumas caidreamh iontaofa oibre a chothú le páirtithe leasmhara ábhartha laistigh agus lasmuigh den Aontas Eorpach;
- ar a laghad teanga oifigiúil eile amháin de chuid an Aontais Eorpaigh a bheith go measartha aige nó aici.

4 Coinníollacha fostaíochta

Is í Comhairle Rialaithe BCE a chinneann téarmaí agus coinníollacha fostaíochta Chathaoirleach an Bhoird Maoirseachta, go háirithe an tuarastal, na pinsin agus na sochair eile slándála sóisialta.

Cúig bliana a bheidh sa téarma oifige agus ní fhéadfar é a athnuachan.

Is é Frankfurt am Main (an Ghearmáin) an áit fostaíochta, mar a bhfuil suí BCE.

5 An neamhspleáchas agus caighdeáin eitice

Ní mór don Chathaoirleach gníomhú go neamhspleách, oibiachtúil chun leas an Aontais Eorpaigh ina iomláine agus ní fhéadfaidh sé teoracha a lorg ná a ghlacadh ó institiúidí ná ó chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh, ó aon rialtas Ballstáit ná ó aon chomhlacht príobháideach nó poiblí eile.

Ach a gceapfar é, beidh an Cathaoirleach ina ghairmí lánaimseartha agus ní fhéadfaidh sé a bheith i bhfeidhmeannas ar bith ag údaráis náisiúnta inniúla.

Tá sé ceaptha don Chathaoirleach na caighdeáin eitice is airde a chomhlíonadh, lena léireoidh sé nó sí an fhreagracht atá air nó uirthi sláine agus clú BCE agus SAM a chosaint. Go háirithe, beidh sé nó sí faoi réir ceanglais rúndachta gairmiúla agus srianta iarfhostaíochta ('réanna aithrí') chun teacht roimh choinbhleachtaí leasa a d'fhéadfaidh a bheith ann agus chun cosc a chur le 'cara sa tseanchúirt' a thiofadh as aon fhostaíocht ina dhiaidh sin laistigh de dhá bhliain ó dhul in éag an téarma oifige i gcomhréir leis an gCód Iompair le haghaidh oifigh ardleibhéil BCE.

6 An roghnúchán agus an ceapachán

Seolfar an nós imeachta chun an Cathaoirleach a roghnú agus a cheapadh i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos i Rialachán SAM agus i gcomhréir leis na socruithe cuntasachta thuasluaite le Parlaimint na hEorpa agus le Comhairle an Aontais Eorpaigh. Beidh na céimeanna seo a leanas mar chuid den nós imeachta:

1) *An réamhroghnúchán*

Bunóidh Comhairle Rialaithe BCE painéal réamhroghnúcháin chun measúnú a dhéanamh ar na hiarratais de réir na gcritéar atá san fhógra folúntais seo. Ar bhonn a mheasúnaithe ar na hiarratais, cuirfidh an painéal réamhroghnúcháin na hiarrthóirí is oiriúnaí faoi agallamh agus glacfaidh siad páirt i measúnú ceannaireachta a chuirfidh soláthraí seachtrach orthu. Táthar ag súil leis go ndéanfar na measúnuithe agus na hagallaimh na seachtainí dar tús an Luan an 26 Meitheamh agus an Luan an 3 Iúil 2023.

Cuirfidh an painéal réamhroghnúcháin gearrliosta d'iarthóirí oiriúnacha agus tuarascáil mheasúnaithe faoi bhráid Chomhairle Rialaithe BCE lena mbreathnú.

2) *Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh a chur ar an eolas*

Cuirfidh BCE an coiste inniúil de chuid Pharlaimint na hEorpa agus cuirfidh sé Comhairle an Aontais Eorpaigh ar an eolas faoi chomhdhéanamh theaghlaim na n-iarraitasóirí ar phost an Chathaoirligh (líon na n-iarraitas, an meascán de scileanna gairmiúla, cothromaíocht inscne agus náisiúntachta, etc.) agus cuirfidh sé gearrliosta de na hiarrthóirí a fhorhuineoidh Comhairle Rialaithe BCE ar fáil dóibh. Cuirfear an gearrliosta ar fáil don Bhord Maoirseachta freisin.

3) *Togra ó Chomhairle Rialaithe BCE agus formheas ó Pharlaimint na hEorpa*

Tar éis éisteacht a thabhairt don Bhord Maoirseachta, cuirfidh Comhairle Rialaithe BCE togra faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, lena fhorpheas, maidir le ceapadh an Chathaoirligh a roghnófar ón ngearrliosta a ullmhóidh an painéal réamhroghnúcháin, maille le mínithe i scríbhinn ar na breathnuithe bunaidh.

4) *Comhairle an Aontais Eorpaigh a cheapadh an Chathaoirligh*

Tar éis an togra ó Chomhairle Rialaithe BCE formheas a fháil ó Pharlaimint na hEorpa, glacfaidh Comhairle an Aontais Eorpaigh cinneadh cur chun feidhme chun an Cathaoirleach a cheapadh. Déanfaidh Comhairle an Aontais Eorpaigh an cinneadh sin trí thromlach cáilithe, gan vótaí a comhaltaí nach as na Ballstáit rannpháirteacha iad a chur san áireamh.

7 An nós imeachta iarratais

Ní mór d'iarratasóirí a n-iarratais, maille le curriculum vitae (CV), a sheoladh leis an bpost cláraithe nó le seirbhís phríobháideach cúiréireachta **tráth nach déanaí ná an 23 Meitheamh 2023** (dáta an postmhairc i gcás post cláraithe nó seirbhís phríobháideach cúiréireachta) chuig an seoladh seo a leanas:

An Banc Ceannais Eorpach, Oifig an Uachtaráin, Sonnemannstraße 20, 60314 Frankfurt, an Ghearmáin.

De thoisic gurbh fhéidir go mbainfí moill as an bpost, ní mór iarratais agus CVanna a sheolfar leis an bpost cláraithe nó le seirbhís phríobháideach cúiréireachta mar a luaitear thuas, ní mór iad sin a sheoladh ina bhfoirm leictreonach freisin chuig SBSelection@ecb.europa.eu faoin 23 Meitheamh 2023.

Forchoimeádann BCE aige féin an ceart dáta deiridh an fholúntais seo a shíneadh trí dháta deiridh nua a fhoilsiú.

8 Ráiteas príobháideachais

Déanfaidh BCE gach faisnéis phearsanta faoi iarratasóirí a phróiseáil de bhun reachtaíocht an Aontais Eorpaigh maidir le Cosaint Sonraí¹. Is é BCE an rialaitheoir próiseáilte sonraí pearsanta a bhaineann leis an nós imeachta roghnúcháin le haghaidh an fhógra folúntais seo. Cuirtear de chúram ar Ard-Stiúrthóir Acmhainní Daonna BCE an phróiseáil a dhéanamh. Is é is cuspóir don phróiseáil sonraí roghnú agus ceapadh Cathaoirleach an Bhoird Maoirseachta a eagrú. Is chun na críche sin amháin a dhéanfar na sonraí pearsanta uile a phróiseáil. Is iad comhaltaí an phainéil réamhroghnúcháin, comhaltaí Chomhairle Rialaithe BCE agus comhaltaí an Bhoird Maoirseachta a bheidh ina bhfaighteoirí ar shonraí pearsanta na n-iarratasóirí. Cuirfear sonraí pearsanta na n-iarrthóirí ar an ngearrliosta ar aghaidh chuig an gcoiste inniúil de chuid Pharlaimint na hEorpa agus chuig Comhairle an Aontais Eorpaigh. Ina theannta sin, aistroidh BCE sonraí pearsanta ábhartha chuig Deloitte Consulting GmbH, München, an Ghearmáin, cuideachta sheachtrach a dhéanfaidh measúnú ar leith ar na hinniúlachtaí ceannaireachta ábhartha, ar cuideachta í a cuireadh faoi réir dianchaighdeáin rúndachta agus cosanta sonraí.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi a bpróiseálann BCE sonraí pearsanta dá nós imeachta earcaíochta, féachtar an [ráiteas príobháideachais](#).

¹ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE agus Cinneadh (AE) 2020/655 ó BCE an 5 Bealtaine 2020 lena nglactar rialacha cur chun feidhme maidir le cosaint sonraí ag an mBanc Ceannais Eorpach agus lena n-aisghairtear Cinneadh BCE/2007/1 (BCE/2020/28).